Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 5 Meitheamh 2020**
**(OR. en)**

**8629/20**

**DEVGEN 75**
**ACP 45**
**RELEX 423**
**JEUN 48**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 5 Meitheamh 2020 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 8342/20 |
| Ábhar: | Daoine óga sa ghníomhaíocht sheachtrach<br>- Conclúidí ón gComhairle (5 Meitheamh 2020) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí san iarscríbhinn na Conclúidí ón gComhairle maidir le daoine óga sa ghníomhaíocht sheachtrach arna bhformheas tríd an nós imeachta i scríbhinn an 5 Meitheamh 2020.

**Daoine óga sa ghníomhaíocht sheachtrach**

**Conclúidí ón gComhairle**

1. Cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir go bhfuil ról nach beag ag daoine óga maidir leis an saol a athrú agus gur comhpháirtithe bunriachtanacha iad i dtaobh an Comhdhearcadh Eorpach maidir le Forbairt, Clár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe agus Comhaontú Pháras maidir leis an athrú aeráide a chur chun feidhme agus aithníonn sí an cumas atá iontu agus na buanna atá acu ó thaobh na cruthaitheachta agus na nuálaíochta de. Tá sé ríthábhachtach infheistiú i ndaoine óga, agus oibriú leo, faoina stiúir agus ar a son chun sochaithe níos láidre, níos dlisteanaí, níos síochánta agus níos daonlathaí a fhorbairt, sochaithe ina mbeadh cearta an duine agus an smacht reachta á n-urramú agus nach bhfágfaí aon duine ar leataobh iontu. Cuireann an Chomhairle chun suntais a thábhachtaí atá sé a áirithiú go mbeidh daoine óga páirteach, ar bhealach fóinteach, agus gníomhach i ngach leibhéal den tsochaí, den gheilleagar agus den pholaitíocht.

2. Faoi 2030, méadóidh líon na ndaoine óga sa domhan, a bheidh idir 15-24 bliana d'aois, go geall le 1.3 billiún; is é sin le rá, díreach os cionn 15 % de dhaonra iomlán an domhain, a mheastar a bheidh ionann is 8.5 billiún. I láthair na huaire, is i réigiún an Aigéin Chiúin agus na hÁise atá os cionn 60 % d'aos óg an domhain ina gcónaí. Cé go meastar go rachaidh sciar na ndaoine óga sa réigiún sin i laghad, is amhlaidh gur ag dul i méid atá sé san Afraic fho-Shahárach; ón 19 % a bhí ann in 2015, meastar go mbeidh sciar na ndaoine óga sa réigiún sin ionann is 42 % den daonra in 2030. Faoi 2055, beidh os cionn a dhá oiread daoine óga san Afraic fho-Shahárach. Meastar, sna 15 bliana atá le teacht, go mbeidh 375 milliún duine óg san Afraic in aois oibre. Cuireann an Chomhairle chun suntais gur díbhinn luachmhar dhéimeagrafach iad na glúine móra daoine óga, agus an mianach iontu cur leis an bhforbairt eacnamaíoch agus shóisialta.

3. Aithníonn an Chomhairle go mbíonn dúshláin mhóra os comhair na nglún óg go rómhinic, lena n-áirítear an bhochtaineacht agus an t-eisiamh socheacnamaíoch agus polaitiúil ar gach leibhéal. Cuirtear isteach ar chumas daoine óga le rochtain neamhleor ar fhoghlaim fhoirmiúil agus neamhfhoirmiúil ar ardchaighdeán, lena n-áirítear oideachas agus oiliúint theicniúil agus ghairmiúil agus an chianfhoghlaim, chomh maith le rochtain neamhleor neamhionann ar sheirbhísí sláinte ar ardchaighdeán, lena n-áirítear seirbhísí meabhairshláinte agus seirbhísí sláinte gnéis agus atáirgthe. Cuirtear bac ar chumas daoine óga freisin le luath-thoircheas, easpa deiseanna oibre cuibhiúla, pá íseal, agus iarmhairtí an athraithe aeráide, coinbhleachtaí agus éagobhsaíocht, easáitiú éigeantach, gáinneáil ar dhaoine, sáruithe agus treascairtí ar chearta an duine agus an laghdú ar spásanna daonlathacha agus sibhialta. Is minic gur measa do mhná óga agus do chailíní na dúshláin sin, agus freisin do dhaoine óga faoi mhíchumas agus do gach uile ghrúpa a ndéantar leithcheal orthu, amhail daoine óga LGBTI. Cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir go bhfuil obair chuibhiúil agus deiseanna fiontraíochta don aos óg ríthábhachtach chun daoine óga a tharraingt as an mbochtaineacht nó as fostaíocht leochaileach, agus go bhfuil sé ríthábhachtach dreasachtaí a chur ar fáil do dhaoine óga chun deiseanna a shaothrú go háitiúil.

4. Is cosúil go mbeidh an-tionchar go deo ag paindéim COVID-19 agus ag na hiarmhairtí diúltacha don gheilleagar agus don fhostaíocht a eascróidh as na bearta gaolmhara eisceachtúla, ar dhaoine óga, go háirithe ar na daoine óga sin ó chúlraí faoi mhíbhuntáiste. Dúnadh na hinstitiúidí oideachais, ó naíolanna go hollscoileanna, in go leor tíortha agus is cosúil gur measa arís a bheidh an neamhdhóthanacht sainscileanna agus an bhearna oideachais, lena n-áirítear an rochtain neamhionann ar chianfhoghlaim i measc daoine óga, mar gheall ar an mbriseadh sin san oideachas. Is ábhar imní ar leith don Chomhairle na tionchair thánaisteacha a bheidh ag paindéim COVID-19 ar mhná óga agus ar chailíní, agus an chaoi a rachaidh siad i bhfeidhm ar a stádas socheacnamaíoch fadtéarmach, ar chleachtadh a gceart daonna agus ar a n-ionchais amach anseo, rud a fhágfaidh gur measa fós a bheidh an neamhionannas inscne. Mar a tharlaíonn i ngéarchéim ar bith, is mó a théann an easpa cosanta ar fhoréigean gnéasach, inscnebhunaithe agus teaghlaigh i bhfeidhm ar mhná óga agus ar chailíní, lena n-áirítear iad siúd atá faoi mhíchumas, agus is mó an dainséar a bhíonn ann go bhfillfí ar chleachtais dhíobhálacha, lena n-áirítear pósadh leanaí, luathphósadh agus pósadh éigeantais agus ciorrú ball giniúna ban.

5. Aithníonn an Chomhairle a thábhachtaí atá daoine óga don obair atá á déanamh an tsíocháin agus an tslándáil a chaomhnú agus a chur chun cinn, agus aithníonn sí freisin an dea-thionchar a bhíonn acu ar obair sin. I gcomhréir le Rúin 2250 (2015) agus 2419 (2018) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir a riachtanaí atá sé go mbeadh daoine óga gníomhach – gan leithcheal – sna hiarrachtaí atá ar bun chun síocháin mharthanach a chothú, chun rannchuidiú leis an gceartas agus leis an athmhuintearas agus chun cur i gcoinne an antoisceachais fhoréignigh.

6. Meabhraítear don Chomhairle freisin go bhfuil sé ríthábhachtach timpeallacht fholláin a áirithiú má táthar chun go leor de na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe a bhaint amach. Is bagairtí móra iad an t-athrú aeráide, cailliúint na bithéagsúlachta, truailliú aeir agus ganntanas uisce ar shláinte agus ar fhorbairt shocheacnamaíoch na ndaoine óga, go háirithe i dtíortha i mbéal forbartha.

7. Iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún agus ar an Ardionadaí, i gcomhar leis na Ballstáit, laistigh dá sainorduithe agus dá n-inniúlachtaí faoi seach, oibriú le daoine óga, faoina stiúir, agus ar a son, chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

- Saoránacht ghníomhach dhomhanda a fheabhsú trí oideachas domhanda neartaithe, trí oideachas agus múscailt feasachta maidir le forbairt (DEAR) leis an óige lena n-áirítear oiliúint, gníomhaíochtaí oibre don óige agus múscailt feasachta maidir le cearta an duine, forbairt inbhuanaithe agus dea-rialachas – agus tacú le rannpháirtíocht ghníomhach daoine óga chun freagairt ar dhúshláin dhomhanda agus ar na hiarrachtaí chun sochaithe daonlathacha, síochánta, cuimsitheacha, cothroma, fulangacha, slána agus inbhuanaithe a chothú ar fud an domhain;

- Tacú le cuimsiú daoine óga, go háirithe mná óga agus cailíní óga, agus tacú lena rannpháirtíocht i ngach iarracht chun coinbhleachtaí a chosc, agus an tsíocháin a thógáil agus a chothú;

- Rannpháirtíocht fhóinteach na hóige uile a chur chun cinn, gan idirdhealú ar fhoras ar bith, sna próisis cinnteoireachta polaitiúla, sóisialta agus eacnamaíche a mbíonn tionchar acu orthu agus ar a dtodhchaí. Measann an Chomhairle gur den tábhacht é go ndéanfaidh an tAontas agus a Bhallstáit saincheist na hóige agus go háirithe cumhachtú na mban óg agus na gcailíní a chomhtháthú go héifeachtach san idirphlé beartais agus polaitiúil le tíortha comhpháirtíochta, chun tacú le ceannairí óga agus le cosantóirí óga ar chearta an duine, agus chun tacú le hidirphlé agus tionscnaimh idirghlúine;

- Tacú le hiarrachtaí na dtíortha comhpháirtíochta aghaidh a thabhairt ar na héifeachtaí tánaisteacha atá ag paindéim COVID-19 ar dhaoine óga;

- Rochtain chothrom ar oideachas cuimsitheach ar ardchaighdeán a chur chun cinn, lena n-áirítear ardoideachas, oideachas agus oiliúint theicniúil agus ghairmiúil, an chianfhoghlaim, agus foghlaim fhoirmiúil agus neamhfhoirmiúil;

- Infheistíocht sa nuálaíocht a mhéadú san oideachas foirmiúil agus neamhfhoirmiúil, sa chianfhoghlaim, agus sa ghairmoideachas agus san oiliúint, á áirithiú go mbeidh siad cuimsitheach agus cothrom chun feabhas a chur ar infhostaitheacht gach duine óig, rochtain oscailte shaor shlán ar theicneolaíochtaí, ar sheirbhísí agus ar nascacht dhigiteach a spreagadh agus inniúlachtaí digiteacha agus litearthacht na hóige i dtíortha comhpháirtíochta a fheabhsú, d'fhonn, *inter alia*, an deighilt dhigiteach laistigh de thíortha agus i measc tíortha a dhúnadh;

- Malartuithe idir daoine óga san Aontas agus i dtíortha comhpháirtíochta a neartú, lena n-áirítear malartú dea-chleachtas agus cur leis na cláir atá ann cheana, amhail ERASMUS+, Eoraip na Cruthaitheachta agus an Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach;

- Feabhas a chur ar chruthú post cuibhiúil agus ar dheiseanna fiontraíochta do gach duine óg, lena n-áirítear iad siúd ar lú na deiseanna atá acu, agus aird á tabhairt ar an ról bunúsach atá ag an earnáil phríobháideach agus timpeallachtaí feabhsaithe infheistíochta agus gnó, agus aird ar leith á tabhairt ar an nganntanas scileanna i measc daoine óga sna Tíortha is Lú Forbairt agus san Afraic fho-Shahárach;

- Teachtadh chearta uile an duine a neartú, lena n-áirítear cearta sóisialta agus saothair do dhaoine óga, lena n-áirítear trí íosphá maireachtála do dhaoine óga agus córais cúraim sláinte atá oiriúnach do dhaoine óga a chur chun cinn, agus trí thacú le hiarrachtaí chun deireadh a chur le saothar leanaí agus le gach cineál dúshaothraithe agus mí-úsáide, lena n-áirítear gáinneáil ar dhaoine;

- Cumhachtú cailíní agus na mban óg agus comhionannas deiseanna do chailíní agus do mhná óga a chur chun cinn, go háirithe trí thacú le hiarrachtaí a rannchuidíonn leis an méid seo a leanas: pósadh leanaí, luathphósadh agus pósadh éigeantais a chosc agus a dhíothú agus toircheas luath a chosc, deireadh a chur le rialacháin agus cleachtais idirdhealaitheacha, chomh maith le gach cineál foréigin gnéis agus foréigin inscnebhunaithe. Tá an tAontas fós tiomanta cearta uile an duine a chur chun cinn, a chosaint agus a chomhlíonadh, Clár Oibre Gníomhaíochta Bhéising agus Clár Gníomhaíochta na Comhdhála Idirnáisiúnta maidir le Daonra agus Forbairt (ICPD) a chur chun feidhme go héifeachtach agus go hiomlán, mar aon le pé toradh a bheidh ar a gcuid comhdhálacha athbhreithnithe, agus sa chomhthéacs sin, leanann an tAontas de bheith tiomanta do shláinte agus cearta gnéis agus atáirgthe (SRHR). Agus beann aige ar an méid sin, athdhearbhaíonn an tAontas go bhfuil sé tiomanta do chur chun cinn, cosaint agus comhlíonadh cheart gach duine smacht iomlán a bheith acu, agus cinneadh a dhéanamh gan bhac agus ar bhealach freagrach, maidir le hábhair a bhaineann lena ngnéasacht agus lena sláinte gnéis agus atáirgthe, saor ó leithcheal, ó chomhéigean agus ó fhoréigean. Is mian leis an Aontas a chur i bhfáth an athuair go dteastaíonn rochtain uilíoch ar fhaisnéis ardcháilíochta, inacmhainne, chuimsitheach, i leith na sláinte gnéis agus atáirgthe, agus i leith an oideachais, lena n-áirítear oideachas cuimsitheach gnéis, agus seirbhísí cúraim sláinte;

- Rochtain daoine óga ar aistí bia níos sláintiúla, níos cothaithí agus níos éagsúla a chur chun cinn chomh maith le rochtain ar phoist chuibhiúla, luach saothair cothrom, maoin, micrichreidmheas agus maoiniú le haghaidh fiontraíochta, agus aird ar leith á tabhairt ar mhná óga agus ar chailíní;

- Rannchuidiú le deireadh a chur le gach cineál idirdhealaithe agus foréigin i gcoinne mná óga agus cailíní, steiréitíopaí inscne agus noirm dhiúltacha shóisialta, go háirithe trí fhir óga agus buachaillí a spreagadh chun páirt iomlán a ghlacadh, mar ghníomhairí agus mar thairbhithe an athraithe;

- Aghaidh a thabhairt ar riachtanais shonracha inscne agus aoise agus ar chearta an linbh agus daoine óga, lena n-áirítear iad siúd a bhfuil riachtanais speisialta acu agus atá faoi mhíchumas, i gcomhthéacsanna leochaileacha, i ngéarchéimeanna agus coinbhleachtaí, in éigeandálaí daonnúla, agus i ndáil leis an imirce agus leis an tsoghluaisteacht, agus aird ar leith á tabhairt ar chosaint, ar rochtain chothrom ar shláinte agus ar oideachas cuimsitheach ar ardchaighdeán, ar rochtain ar bhia sláintiúil cothaitheach éagsúil, chomh maith le hathshlánú agus ath-imeascadh leanaí a raibh baint acu roimhe sin le grúpaí armtha agus le fórsaí armtha. Ba cheart aghaidh a thabhairt freisin ar an dochar a d'fhéadfadh cásanna coinbhleachta, leochaileachta agus géarchéime a dhéanamh do riocht fisiciúil, meabhrach agus síceasóisialta daoine óga;

- Rannpháirtíocht fhóinteach daoine óga i bhforbairt agus i gcur chun feidhme straitéisí aeráide a chur chun cinn.

8. Ag tógáil ar an méid thuas agus ar Straitéis AE i leith na hÓige 2019-2027, iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún, ar an Ardionadaí agus ar na Ballstáit cur chuige comhleanúnach cuimsitheach a cheapadh, i gcás inarb iomchuí, i leith daoine óga sa ghníomhaíocht sheachtrach, cur chuige lena bhféachfar le níos mó comhlántachta a chur ar fáil i measc na mbeartas, na gclár agus na n-ionstraimí ábhartha uile, agus lena n-áiritheofar go mbeidh baint fhónta ag daoine óga le beartais agus gníomhaíochtaí an Aontais a mhúnlú.

9. Iarrann an Chomhairle freisin ar an gCoimisiún, i gcomhar leis an Ardionadaí agus leis na Ballstáit, plean gníomhaíochta a cheapadh agus tacair leordhóthanacha uirlisí a fhorbairt chun a áirithiú go gcuirfidh gníomhaíocht sheachtrach an Aontais le rannpháirtíocht fhónta dhomhanda na hóige ar gach leibhéal i ngach réigiún.